Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2025)0144

CBL: daoine inchánach, scéim speisialta agus socruithe speisialta le haghaidh dearbhú agus íocaíocht CBL ar chiandíolacháin earraí allmhairithe

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 8 Iúil 2025 ar an dréacht-treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL a bhaineann le daoine inchánach a éascaíonn ciandíolacháin earraí allmhairithe agus cur i bhfeidhm na scéime speisialta le haghaidh ciandíolacháin earraí a allmhairítear ó thríú críocha nó ó thríú tíortha agus socruithe speisialta maidir le CBL ar allmhairí a dhearbhú agus a íoc (08710/2025 – C10-0084/2025 – 2023/0158(CNS))

(An nós imeachta reachtach speisialta – comhairliúchán athnuaite)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréacht ón gComhairle (08710/2025),

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an gComhairle (COM(2023)0262),

– ag féachaint do sheasamh uaithi an 22 Samhain 2023[1],

– ag féachaint d'Airteagal 113 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá bhun a chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa arís (C10-0084/2025),

– ag féachaint do Rialacha 84 agus 86 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A10-0119/2025),

1. ag formheas an dréachta ón gComhairle;

2. á iarraidh ar an gComhairle a chur in iúl do Pharlaimint na hEorpa má tá sé ar intinn aici imeacht ón téacs atá formheasta ag an

[1] IO C, C/2024/4246, 24.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/4246/oj.

bParlaimint;

3. á iarraidh ar an gComhairle dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa arís má tá sé ar intinn aici an dréacht a leasú go substaintiúil;

4. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.